Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7587/23**

**COSCE 5**
**COPS 148**
**CFSP/PESC 470**
**COEST 216**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7256/23 |
| Ábhar: | Tosaíochtaí an Aontais i ndáil le ESCE<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 20 Márta 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag ESCE mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3941ú cruinniú a bhí aici an 20 Márta 2023.

**IARSCRÍBHINN**

## Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag ESCE

### Dúshláin maidir leis an tSlándáil Eorpach

1. Trí chogadh foghach gan chúis, gan údar agus neamhdhleathach ar an Úcráin a thosú agus leanúint den chogadh sin, le comhpháirteachas na Bealarúise, thug an Rúis neamhaird ar na noirm, na prionsabail agus na gealltanais lárnacha ar a bhfuil slándáil na hEorpa fothaithe. Tá na prionsabail sin cumhdaithe i gCairt na Náisiún Aontaithe agus i ndoiciméid bhunaidh na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE), lena n-áirítear Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí agus Cairt Pháras. Cé go bhfuil an Rúis ag iarraidh iad a chur faoi chois ar feadh na mblianta, lena n-áirítear sa tSeoirsia in 2008 agus san Úcráin in 2014, níl na prionsabail sin inchaibidle ná faoi réir athbhreithnithe nó athléirmhínithe. Is í slándáil na hÚcráine slándáil na hEorpa. Seasfaidh an tAontas Eorpach go huile is go hiomlán leis an Úcráin agus lena muintir a fhad is gá.

### Ról ESCE don tSlándáil i réimse ESCE

2. Ag Comhairle Aireachta ESCE i mí na Nollag 2022, dhearbhaigh na Stáit rannpháirteacha go bhfuil ESCE fós ar cheann de chaomhnóirí na ngníomhartha agus na luachanna bunúsacha lena rialaítear an tslándáil san Eoraip, go leanann sí d'ardán uathúil a chur ar fáil le haghaidh plé cuimsitheach maidir leis an tslándáil thar na trí ghné, agus go bhfuil bosca uirlisí mór uathúil aici chun coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach. Ní féidir bunphrionsabail agus bunghealltanais Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí agus Chairt Pháras a choimirciú go cuí gan deireadh a chur le cogadh foghach na Rúise agus ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine a athbhunú laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta.

3. Is ionann an tAontas agus a Bhallstáit agus beagnach leath dá Stáit rannpháirteacha, agus cuireann siad tuairim is 60 % dá n-acmhainní airgeadais agus daonna ar fáil, agus tacaíonn siad go láidir le ESCE. I Straitéis Dhomhanda an Aontais maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála[1], sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le rannchuidiú an Aontais le hiltaobhachas riailbhunaithe a neartú[2], agus sa Chompás Straitéiseach[3], moltar an comhar idir an tAontas agus ESCE a neartú. Is é an tacaíocht a thugann an tAontas don Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) tiomantas láidir an Aontais d'iltaobhachas éifeachtach, atá fréamhaithe go daingean san urraim don smacht reachta agus don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Is é an t-iltaobhachas éifeachtach atá bunaithe ar rialacha comhchoiteanna, agus cosaint chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, an daonlathas agus an smacht reachta, an bealach is fearr chun an tsíocháin agus an tslándáil dhomhanda a chaomhnú.

4. Molann an Chomhairle Cathaoirleacht-in-Oifig ESCE atá ann faoi láthair agus a bhí ann roimhe seo as a n-iarrachtaí chun an eagraíocht a stiúradh le linn tréimhsí deacra inar tharla cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin de shárú ar phrionsabail bhunaidh ESCE agus an bac a chuir sí ar fheidhmiú ESCE. In ainneoin na staide sin, bhí ESCE fós tiomanta dá luachanna agus lean sí de thorthaí tábhachtacha a bhaint amach, amhail agairt Shásra Mhoscó, Comhdháil Vársá um Ghné Dhaonna 2022, seoladh an Chláir Tacaíochta don Úcráin (SPU), agus go leor tionscadal eile. Aithníonn an Chomhairle freisin iarrachtaí ESCE, a hArdrúnaíochta agus a hArdrúnaí, misin allamuigh agus institiúidí uathrialacha – an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR), an tArd-Choimisinéir um Mionlaigh Náisiúnta (HCNM), agus an tIonadaí maidir le saoirse na Meán (RFoM) - chomh maith le hobair Thionól Parlaiminteach ESCE, agus is díol sásaimh di obair Choláiste Foirne um Bainistiú Teorainneacha ESCE in Dushanbe agus Acadamh ESCE in Bishkek.

[1] https://www.eeas.europa.eu/sites/default/files/eugs_review_web_0.pdf
[2] https://eeas.europa.eu/sites/default/files/en_strategy_on_strengthening_the_eus_contribution_to_rules-based_multilateralism.pdf
[3] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-7371-2022-INIT/en/pdf

5. Is olc leis an gComhairle nach mór Misean Speisialta Faireacháin ESCE chun na hÚcráine (SMM), an Comhordú Tionscadail san Úcráin, agus Misean Breathnóireachta ESCE ag Seicphointí Gukovo agus Donetsk na Rúise a dhúnadh toisc gur dhiúltaigh an Rúis a bheith páirteach i gcomhthoil maidir le síneadh a chur lena sainorduithe. Iarrann an Chomhairle an athuair ar an Rúis triúr ball foirne ESCE SMM atá faoi choinneáil go neamhdhleathach a scaoileadh saor láithreach agus gan choinníoll agus na feithiclí armúrtha SMM ESCE a chur ar ais chuig a n-úinéirí dlisteanacha.

6. Is oth leis an gComhairle, mar gheall ar bhacainní na Rúise, nach bhféadfaí síneadh a chur le sainordú Mhisean ESCE sa Mholdóiv ach ar feadh 6 mhí in ionad na gnáth-thréimhse bliana mar a chinn Stáit rannpháirteacha ESCE ag an gComhairle Aireachta sa Bhruiséil in 2006. Iarrann sí go gcuirfí síneadh le sainordú an mhisin ar feadh na gnáththréimhse.

7. Iarrann an Chomhairle ar na Stáit uile atá rannpháirteach in ESCE a áirithiú go nglacfar buiséad ESCE go tráthúil, agus acmhainní leordhóthanacha á gcur san áireamh, agus na costais mhéadaitheacha don eagraíocht á gcur san áireamh, go háirithe i gcomhthéacs an bhoilscithe ard sin, ionas go mbeidh ESCE ag feidhmiú go héifeachtach i ngach ceann de na trí ghné. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar na hinstitiúidí uathrialacha, an Rúnaíocht, agus na misin allamuigh a chistiú go leordhóthanach chun a sainorduithe faoi seach a chomhlíonadh. In éagmais cinneadh leordhóthanach, molann an Chomhairle na Stáit sin a chuireann cistí seachbhuiséadacha ar fáil chun cumas ESCE gníomhú a chaomhnú. Mar gheall ar bhlocáil an phróisis formheasa do bhuiséad ESCE le breis agus bliain, cuireadh isteach go mór ar acmhainneacht oibríochta ESCE agus a chuid institiúidí.

8. Is oth leis an gComhairle, mar gheall ar mheon achrannach na Rúise go dtí seo, nach raibh Comhairle Aireachta ESCE in ann teacht ar chomhthoil maidir leis an gCathaoirleacht in-Oifig do 2024.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle tacaíocht leanúnach ESCE don Úcráin agus bunú Chlár Tacaíochta ESCE don Úcráin (SPU) chun athléimneacht institiúidí na hÚcráine agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a neartú. Cuireann an tAontas agus na Ballstáit go mór leis an tionscnamh seachbhuiséadach seo. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin agairt Shásra Mhoscó faoi dhó in 2022 maidir le sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, coireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna a rinneadh i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Is rannchuidiú bunriachtanach iad torthaí an dá thuarascáil misin faoi Shásra Mhoscó, chomh maith le tuarascálacha ODIHR, chun fíorais a bhailiú agus a anailísiú d'fhonn iad a chur i láthair sásraí cuntasachta a bhfuil dlínse acu, nó a d'fhéadfadh a bheith acu amach anseo.

**Tosaíochtaí an Aontais in ESCE**

10. Tá an Chomhairle tiomanta do ESCE a chosaint mar cheann de cholúin an oird slándála Eorpaigh agus do chomhlíonadh Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí, Cairt Pháras agus croíphrionsabail agus gealltanais eile ESCE a áirithiú. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí Rúnaíocht ESCE, d'institiúidí agus d'oibríochtaí allamuigh ar fud réimse ESCE. Ag an am céanna, rannchuideoidh an tAontas go gníomhach le prionsabail agus gealltanais ESCE a chur chun feidhme i ngach ceann de na trí ghné, lena n-áirítear ról ESCE maidir le luathrabhadh, coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach, an tsíocháin agus an tslándáil a athbhunú, athshlánú iarchoinbhleachta, comhar a chur chun cinn, agus an clár oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil. Chuige sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

11. ***Leanúint de na hiarrachtaí chun ról ESCE maidir leis an tslándáil a athbhunú:***

– Leanúint de thacaíocht a chur chun cinn don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe atá bunaithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar Dhealóg Heilsincí, i bhfianaise na sáruithe leanúnacha atá á ndéanamh ag Cónaidhm na Rúise ar an dlí idirnáisiúnta agus ar phrionsabail agus ar ghealltanais ESCE. Is oth linn gur deacair obair rialta ESCE a dhéanamh de dheasca sáruithe leanúnacha a rinne Cónaidhm na Rúise ar ghealltanais agus rialacha na heagraíochta.

– A áirithiú go mbeidh obair ESCE dírithe i gcónaí ar chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine a fhad is a leanfaidh an Rúis ar aghaidh lena fogha, arb ionann é agus ionsaí díreach ar ord slándála na hEorpa, rud a bhainfidh an bonn de shlándáil agus cobhsaíocht na hEorpa agus an domhain.

12. ***Tacú le cumais agus gníomhaíochtaí allamuigh ESCE agus iad a neartú ar fud réimse ESCE:***

– Leanúint d'uirlisí uile ESCE a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar fhogha na Rúise i leith Stáit eile atá rannpháirteach in ESCE.

– I bhfianaise go bhfuil an Rúis ag géarú ar a cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, tacú le ESCE agus í ag cur leis na hiarrachtaí chun cuntasacht iomlán a áirithiú as sáruithe tromchúiseacha ar an dlí idirnáisiúnta, as coireanna cogaidh agus as ainghníomhartha, agus as sáruithe ar chearta an duine.

– Tacaíocht don Úcráin a áirithiú trí obair Rúnaíocht ESCE, lena n-áirítear tríd an gClár Tacaíochta don Úcráin, agus trí na hinstitiúidí uathrialacha.

– Leanúint de thacú le ról ESCE maidir le haghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí fada sa Chugas Theas agus i bPoblacht na Moldóive agus é mar aidhm teacht ar réitigh pholaitiúla inbhuanaithe, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le prionsabail agus gealltanais ESCE. Ní mór do ESCE leanúint de bheith in ann tacaíocht a thairiscint do na Stáit rannpháirteacha uile a bhfuil sé de dhíth orthu.

– Iarrachtaí a dhíriú ar leanúnachas mhisin ESCE agus a sainorduithe a áirithiú, lena n-áirítear síneadh a chur le Misean ESCE chuig Poblacht na Moldóive tar éis mhí an Mheithimh 2023, i bhfianaise ról ríthábhachtach na misean sin i ndíghéarú na coinbhleachta, i mbearta fothaithe acmhainneachta agus in oiliúint ar acmhainní daonna.

– Oibriú chun ról ESCE a chaomhnú mar ardán don idirphlé maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil, bunaithe ar phrionsabail agus ar ghealltanais ESCE, agus dul i dteagmháil le tíortha ar fud an réigiúin maidir le rannchuidiú ESCE leis an tslándáil réigiúnach amach anseo.

– Leanúint de rannpháirtíocht ESCE sna Balcáin Thiar agus i gComharsanacht an Oirthir a chur chun cinn, i gcomhréir le tosaíochtaí an mhéadaithe i gcás inarb ábhartha, trí mhisin allamuigh ESCE sa réigiún agus trí obair Rúnaíocht agus institiúidí ESCE, lena n-áirítear maidir leis an smacht reachta, obair leantach ar mholtaí breathnóireachta toghchán ODIHR, saoirse tuairimí a nochtadh, saoirse na meán, saoirse reiligiúin agus creidimh, an comhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe.

– Sineirgí a spreagadh le rannpháirtíocht ESCE san Áise Láir agus an rannpháirtíocht sin a chur chun cinn, agus béim á leagan ar shlándáil agus athléimneacht réigiúnach, bagairtí trasnáisiúnta a chosc agus a chomhrac, cumhachtú na mban agus na gcailíní, aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, ar an gcibearshlándáil, agus ar na hearnálacha éagsúla den nascacht inbhuanaithe, mar a shainaithnítear i Global Gateway.

– Leanúint de bheith i dteagmháil le Comhpháirtithe na Meánmhara agus na hÁise um Chomhar de chuid ESCE, ós rud é go bhfuil nasc doscartha idir an tslándáil i réigiún ESCE agus slándáil a chomharsana agus gur féidir í a neartú trí idirphlé agus trí chomhar sa pholaitíocht-mhíleata, sa gheilleagar agus sa chomhshaol, chomh maith leis na gnéithe daonna, agus aghaidh á tabhairt go comhpháirteach ar dhúshláin slándála.

13. ***Cur chun feidhme phrionsabail agus ghealltanais uile ESCE a áirithiú i ngach ceann de na trí ghné:***

– Toil pholaitiúil agus meon macánta a chothú agus bosca uirlisí cuimsitheach ESCE á chur chun feidhme ar fud thimthriall iomlán na coinbhleachta agus i ngach ceann de na trí ghné. Tabharfar aird ar leith ar chur chun feidhme an chláir oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus ar an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac.

– Cur chun feidhme iomlán na ngealltanas agus na n-oibleagáidí sa réimse polaitiúil-míleata a chur chun cinn. Comhoibreoidh an tAontas go dlúth freisin le ESCE chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus dúshláin thrasnáisiúnta slándála.

- Leas iomlán a bhaint as an ngné eacnamaíoch agus chomhshaoil mar uirlis cothaithe muiníne agus mar ionstraim thábhachtach chun dea-rialachas agus dea-bhail an phobail a neartú.

- Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair ríthábhachtach ESCE chun aghaidh a thabhairt ar an nasc idir díghrádú comhshaoil/an t-athrú aeráide/cailliúint bithéagsúlachta agus a thionchar ar an tslándáil mar iolraitheoir bagartha, lena n-áirítear trí thacú leis na Stáit rannpháirteacha Cinntí ábhartha ón gComhairle Aireachta a chur chun feidhme, go háirithe Cinneadh suntasach 2021 Stócólm Uimh. 3/21 maidir leis an gcomhar a neartú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as an athrú aeráide.

- A thábhachtaí atá an ghné dhaonna d'oibríochtú choincheap cuimsitheach na slándála ESCE a chur i bhfios go láidir, ag tathant go ndéanfaidh na Stáit rannpháirteacha uile na gealltanais uile maidir le Diminsean Daonna a chur chun feidhme ina n-iomláine, i gcomhréir iomlán leis an dlí maidir le cearta an duine, agus chun institiúidí daonlathacha, an smacht reachta, comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní uile a neartú, agus cearta uile an duine a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, lena n-áirítear cearta daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad.

- Leanúint de chomhar trastoiseach a iarraidh maidir leis na hábhair sin. Tabharfar aird ar leith ar chur chun feidhme an chláir oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, ar chomhar leis an tsochaí shibhialta, ar shaoirse cainte a chur chun cinn, ar líne agus as líne araon, ar shaoirse na meán agus ar shábháilteacht iriseoirí, ar an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac agus ar fhoréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht a chosc agus aghaidh a thabhairt air. Déanfaidh an tAontas rannpháirtíocht na hóige i ngníomhaíochtaí agus i bpróisis ESCE a chur chun cinn.

- An comhar maidir le cibearshlándáil/slándáil TFC a dhoimhniú sa Mheitheal Neamhfhoirmiúil a bunaíodh le Cinneadh Buan ón gComhairle 1039, go háirithe trí rannpháirtíocht mhéadaithe an Aontais maidir le bearta chun muinín a chothú.

– Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'imeachtaí den Ghné Chearta an Duine a thionól go rialta, lena n-áirítear Cruinnithe Cur Chun Feidhme Ghné Chearta an Duine (HDIM), mar na príomhardáin chun plé a dhéanamh ar staid chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha i réimse ESCE agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngealltanas maidir le gné chearta an duine le hionadaithe na sochaí sibhialta.

14. ***Éifeachtacht ESCE a neartú:***

– Tacú le feidhmiú cuí na heagraíochta agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun cur i gcoinne bacainní agus mí-úsáid na rialach comhdhearcaidh.

– Leanúint d'úsáid a bhaint as formáidí amhail Idirphlé Ardleibhéil AE-ESCE agus cruinnithe ar an leibhéal oibre chun an comhar a shruthlíniú agus chun sineirgí breise a lorg, go háirithe ar an leibhéal allamuigh.

– Leanúint de thacaíocht a thabhairt do shainorduithe agus d'obair na Rúnaíochta agus do na misin allamuigh sa Ghné Eacnamaíoch agus Comhshaoil.

– Leanúint de thacaíocht a thabhairt do shainorduithe agus d'obair na n-institiúidí uathrialacha (ODIHR, HCNM, RFoM) agus do mhisin allamuigh chun tacú le cur chun feidhme ghealltanais ESCE ag na Stáit rannpháirteacha, amhail gníomhaíochtaí cuimsitheacha ESCE/ODIHR a bhaineann le toghcháin trí mhalartú dea-chleachtas. D'fhonn rannchuidiú le luathrabhadh agus cosc éifeachtach agus réitigh inbhuanaithe ar choinbhleachtaí a áirithiú, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do shainordú ESCE/ODIHR cúnamh a thabhairt do Stáit rannpháirteacha lena n-oibleagáidí maidir le cearta an duine, lena ngealltanais maidir le comhionannas inscne, agus le caoinfhulaingt agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn.

– Leanúint de bhéim a leagan ar thábhacht shainordú HCNM a leagan síos, go háirithe maidir le luathrabhadh a chur ar fáil agus gníomhaíocht luath a lorg i ndáil le teannas a bhaineann le daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad.

– Leanúint de thacaíocht a thabhairt do shainordú RFOM maidir le breathnú ar fhorbairtí sna meáin mar chuid d'fheidhm luathrabhaidh agus cabhrú leis na Stáit rannpháirteacha cloí lena ngealltanais i leith saoirse tuairimí a nochtadh agus na meán saora, ar líne agus as líne araon. Áirítear leis sin iarrachtaí chun sábháilteacht iriseoirí a áirithiú.

15. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá an tAontas oibriú i gcomhar le ESCE mar ardán cuimsitheach uileghabhálach don idirphlé polaitiúil agus beartais maidir leis an tslándáil Eorpach, Eora-Atlantach agus Eoráiseach, agus chun muinín a chothú tríd an tslándáil a athbhunú agus trí phrionsabail agus gealltanais choiteanna ESCE a urramú. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas an Aontais leanúint de thacaíocht a thabhairt do ESCE, ar bhonn polaitiúil agus airgeadais. Leanfar den chomhar agus den idirphlé idir an tAontas agus ESCE ar fud gach réimse agus leibhéal is féidir.